

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

BP-26-076

Miontuairiscí Cruinnithe Boird Speisialta Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (DDLETB)

Dáta: An 8 Bealtaine 2026

Am: 1:00 pm

Ionad: MS Teams

I láthair:

Brigid Manton, Charlotte O'Donovan, Colm Kilgallon, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Vicki Casserly, Ken Farrell, Sarah Widaa, an Comhairleoir Pamela Kearns, an Comhairleoir Thomas Joseph

Leithscéalta: an Comhairleoir Yvonne Collins, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Angela Donnelly, Wayne Carey, Claire McGing, David O'Connell, Eimear Carbone Mangan, an Comhairleoir Ted Leddy, Claire McGing, Dara Fitzpatrick

I láthair:

Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Joanne McCloskey, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Maja Eisenbart, Rialachas; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna.

Cáipéisíocht:

Uaslódáilte go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr. Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú agus ghabh sé buíochas le gach duine as a bheith i láthair ar ghearrfhógra.

1. Leithscéalta

Tugadh leithscéalta faoi deara.

2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa

Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord

3.1 Clúdach sna Meán maidir le Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne

Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas le comhaltaí an Bhoird as a bheith i láthair agus cuireadh faisnéis ar fáil ar an ábhar maidir le clúdach sna meáin le déanaí ar Phobalscoil Speisialta Bhéal

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Maighne. Deimhníodh don Bhord go bhfuil DDLETB ag leanúint gach próiseas agus nós imeachta maidir leis an ábhar seo.

Cuireadh in iúl don Bhord go mbeidh an scoil ar oscailt arís Dé Luain an 11 Bealtaine tar éis an tsosa lár téarma agus cuireadh ar fáil forbhreathnú ar na tacaíochtaí agus na socruithe a bheidh i bhfeidhm ón Luan.

Cuireadh in iúl don Bhord gur bhuaill DDLETB le tuismitheoirí Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne Déardaoin an 7 Bealtaine 2026. Ina theannta sin, tá cumarsáid agus tacaíocht chomhsheasmhach agus leanúnach i bhfeidhm do thuismitheoirí agus d'fhoireann na scoile chun aghaidh a thabhairt ar aon imní a thagann chun cinn mar thoradh air sin.

Cuireadh forbhreathnú agus meabhrúchán ar fáil don Bhord maidir leis na nósanna imeachta earcaíochta a comhaontaíodh go náisiúnta do gach comórtas earcaíochta in DDLETB.

Cuireadh in iúl don Bhord má thagann aon nuashonruithe chun cinn an tseachtain seo chugainn go gcuirfear ar fáil iad ag an gcéad chruinniú eile den Bhord.

4. Dáta an Chéad Chruinniú Eile: An 18 Bealtaine 2026 ag 4.30pm (I Láthair go Pearsanta)